Bláthú!

Eagrán 20 **Eanáir 2016**

Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo,
Cuileán,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

Teil.: 091 595337
www.comharnaionrai.ie

An Dara Bliain Luathoideachais Saor in Aisce

Fógraíodh an dara bliain luathoideachais saor in aisce sa cháin fhaisnéis deireadh. Beidh an dara bliain saor in aisce ag teacht i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016.

An Scéim mar atá faoi láthair

Tá gach páiste sa tír i dteideal réamhscolaíocht saor in aisce sula dtosaíonn siad ar an mbunscoil. Faoi láthair faigheann gach páiste:

3 uair an chloig sa lá ó Luan go hAoine ar feadh 38 seachtain sa bhliain (Méan Fómhair go Meitheamh).

Le cáiliú faoin scéim reatha ECCE caithfidh páistí a bheith idir 3 bliana gus 2 mhí suas go 4 bliana agus 7 mí le tosú ar an scéim.

Cén athrú atá ag teacht air an scéim

Tá an scéim á leathnú amach ó Mheán Fómhair 2016 le réamhscolaíocht saor in aisce a thairiscint do pháistí ó 3 bliana ar aghaidh. Braitheann an líon iomlán seachtainí ECCE gur féidir le páiste a fháil ar:

- aois an pháiste
- an aois a mbeidh an páiste ag freastal ar an mbunscoil

Beidh 3 phointe anois i rith na bliana gur féidir le páistí clárú don scéim. Léiríonn an tábla seo na critéir aoise don ECCE ó Mheán Fómhair 2016:

Le leas a bhaint as an Scéim ECCE ó:	Caithfidh dátaí breithe na bpáistí a bheith laistigh de na dátaí seo a leanas:
Meán Fómhair 2016 (Go Meitheamh 2017)	1 Eanáir 2012 - 31 Lúnasa 2013
Eanáir 2017 (Go Meitheamh 2017)	1 Eanáir 2012 - 31 Nollaig 2013
Aibreán 2017 (Go Meitheamh 2017)	1 Eanáir 2012 - 31 Márta 2014

Réidh le dul i mbun oibre

Grúpa a d'fhreastal ar Dhianchúrsa Cúram Leanaí de chuid CNNG i rith an tsamhraidh. Sa phictiúir chomh maith tá **Mairéad Mac Con Iomaire**, Bainisteoir CNNG, **Breege Uí Mhurchadha**, **Bríd Mhic Giolla Bhríde** agus **Pattie Stundún**, Oifigigh Forbartha Réigiúnach CNNG agus **Máire Ní Mhainín**, Údarás na Gaeltachta.

Cuairteoir

Thug an tAire Sláinte, **Leo Varadkar**, cuairt ar Naíonra Áráinn Mhór, Co. Dhún na nGall. Ina theannta tá **Susan Mhic Garbheith** an bhanaltra áitiúil agus **Sharon Uí Dhomhnaill**, Príomh Stiúrthóir an Naíonra.

Naíonra Fhánada, Co. Dhún na nGall

Bhí lá mór ceiliúrtha i Naíonra Fhánada ar an 25 Meán Fhómhair 2015 nuair a d'oscail Eimear Ní Fhríl, Rúnaí an Aire Stát Joe Mc Hugh, an clós súgartha úr.

Bhí iarratas déanta ag Coiste Tacaíochta an Naíonra ar dheontas caipitil ach níor éirí leo. Shocraigh siad feachtas airgid a eagrú agus fuair siad deontas de €3,696.00 ón Aire Stát Joe Mc Hugh ó Roinn na Gaeltachta agus tá an coiste agus foireann an naíonra fíor bhuíoch dó.

Ba é an t-Athair Michael Mac Suibhne iar-Shagart Paróiste Ghaoth Dobhair, a bhí mar aoi chainteoir ar an lá agus rinne sé féin agus an t-Athair Mac Gairbheith, Sagart Paróiste Fhánada an clós súgartha a bheannú.

Labhair Séamus Ó Beaglaoich ó Choiste Forbartha Fhánada, Liam Ó Bléine, Comhairleoir Contae agus Bríd Mhic Giolla Bhríde, Oifigeach Forbartha CNNG ag an ócáid. Glacadh buíochas le CNNG as an obair a bhí ar siúl acu do pháistí óga an cheantair agus glacadh buíochas fosta leis an gCoiste Tacaíochta as an obair iontach a rinne siad. Bhí slua ollmhór i láthair ar an lá idir tuismitheoirí, páistí agus muintir na háite agus bhí coisir mór acu.

Is í Máire Ní Chiaráin Príomh Stiúrthóir Naíonra Fhánada agus is í Siobhán Ní Fháthaigh an Stiúrthóir.

Naíonra Mhic Dara, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Tá an Naíonra lonnaithe in Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua. I mí na Nollag thug Daidí na Nollag cuairt ar an Naíonra agus bhí a mhála lán le bronntanais do na páistí. Bhí na páistí ar fad ag caint leis agus d'inis siad dó céard iad na bronntanais a bhí siad ag iarraidh uaidh oíche Nollag. Chas siad amhráin agus rannta Nollag dó. Is ansin a cuireadh tús le ceiliúradh na Nollag nuair a bhí cóisir acu le chéile. Tá ceiliúradh mar seo iontach tábhachtach mar go bhfaigheann na páistí tuiscint ar fhéilte a cheiliúradh le chéile. Is iad Mairéad Uí Fhlatharta, May Mhic Dhonnacha agus Cáit de Paor na Stiúrthóirí atá i mbun an naíonra seo.

Páistí as Naíolann na Ceathrún Rua ag casadh le Daidí na Nollag!

Naíonra na Rinne, Co. Phort Láirge

Tá méadú ag teacht ar na huimhreacha sa Naíonra le roinnt blianta anuas agus tá béim mhór á chur ag an gcuraclam Aistear ar spraoi lasmuigh agus theastaigh uainn go mbeadh áit shábháilte áisiúil againn do na páistí. Chuamar timpeall go dtí cúpla gairdín difriúil a bhí ag naíonraí eile chun smaointe a fháil agus bhí roinnt tuairimí ag ár gcoiste féin. Bhí tuismitheoir againn ar an gcoiste a bhí ina hail-tire agus rinne sí an gairdín a dhearadh dúinn. Bhí coiste an-mhaith againn a d'eagraigh an-chuid den obair. Chuadar i dteagmháil le tírdhreachóir agus is é seo a dhein an chuid is mó den tógáil.

Taobh istigh den ghairdín tá dhá théama againn: An Tuath/Dufair agus an Fharraige. Tá bád againn sa ghairdín gur féidir siúl tríd, suí ann nó imirt le gaineamh ann. Tá tuláin againn déanta de cineál bambú. Tá féar againn le cnocán. Tá suíochán luascán againn. Tá áit gur féidir plandaí a chur agus áit eile gur féidir le na páistí tochailt a dhéanamh. Tá plandaí curtha againn a spreagann na céadfaí (Planda Curaí, Marós etc).

Is gairdín é gur féidir do scíth a ligean ann, taiscéalaíocht a dhéanamh agus taitneamh a bhaint as i ngach saghas aimsir.

Ag Spraoi Taobh Amuigh

Ní féidir dóthain béim a chur ar an tábhacht a bhaineann leis an spraoi taobh amuigh do pháistí. Tá sé mar chuid lárnach den churaclam **Aistear** agus léiríonn taighde go bhfuil buntáistí móra ag spraoi taobh amuigh do pháistí. De réir foilseachán de chuid **Barnardo's** *Outdoor Play Matters: The Benefits of Outdoor Play for Young Children* seo cuid de na buntáistí a bhaineann leis an spraoi taobh amuigh:

- Cabhraíonn sé leo a bheith neamhspleách
- Forbraíonn sé a neart agus athléimneacht
- Forbraíonn sé a scileanna labhartha agus cumarsáide
- Úsáideann agus forbraíonn siad a gcuid samhlaíochta
- Cuireann sé feabhas ar a bhféin-mhuinín agus a bhféin-mheas
- Foghlaimíonn siad faoin timpeallacht, an aimsir agus na séasúir
- Forbraíonn sé a n-imdhíonacht
- Cabhraíonn sé leo déileáil níos fearr le strus

Níl anseo ach sampla gearr de na buntáistí a bhaineann leis. Céard leis a bhfuil sibh ag fanacht. Amach libh!

Páistí as Naíonra Cheann Trá i gCo. Chiarraí ag tabhairt dea shampla den spraoi taobh amuigh!

Imeachtaí Nollag 2015

Naíonra Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe

Naíolann Ráth Chairn, Co. na Mí

Páistí as Naíonra Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe ag déanamh dráma Nollag.

Imeachtaí Eile i rith na bliana

Naíonra na Crannóige Co. Dhún na nGall

Páistí Naíonra na Rinne ag ceiliúradh le himreoirí Chumann Camógaíochta na Rinne leis an gCorn Idirmheánach na hÉireann, Corn Jack McGrath agus Corn Idirmheánach an Chontae, Corn Mamie O'Meara.



Naíonra Mhic Dara, An Cheathrú Rua ag ceiliúradh Oíche Shamhna!

Ag piocadh sméara: Naíonra Cheann Trá, Co. Chiarraí

Bláthú!